Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## RÚISIS

## GNÁTHLEIBHÉAL

# Teanga Scríofa
# 220 MARC

**Tarscaoileadh**: Maidir leis na hiarrthóirí sin a mbíonn tarscaoileadh litrithe agus gramadaí deonaithe orthu, ní ghearrfar pionós orthu as botúin litrithe agus i ngnéithe gramadaí áirithe. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, beidh feidhm le scéim mharcála mhodhnaithe.

**Marcáil:** Ba chóir gach script a mharcáil le peann dearg.

- Tabhair marc do gach ceist/roinn den cheist, fiú más ionann an marc sin agus 0. Scríobh an marc os cionn an ábhair. San imeall ar thaobh na láimhe deise, tabhair iomlán na marcanna do gach ceist/focheist agus cuir líne fúthu.
- Ceartaigh an t-ábhar ar fad. Sa chás go mbíonn níos mó ábhair curtha ar fáil ná mar a bhíonn gá, tabhair marc don ábhar sin agus scríobh an marc i lúibíní cearnacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus tú ag cur líon iomlán na marcanna don cheist sin le chéile.
- Sa chás go n-úsáideann an t-iarrthóir an t-eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, glac leis an gcéad bhfreagra agus sin amháin.
- Ná gearr pionós ar fhreagraí a thugtar i Rúisis.
- Scríobh sin an líon iomlán marcanna a fhaightear ar leathanach 1 ag íochtar an leathanaigh i lúibíní cruinne. Ina dhiaidh sin, coimeád iomlán reatha ag íochtar an leathanaigh i lúibíní cruinne.
- Tabhair marc iomlán do gach ceist (Ceist 1. Ceist.2. Ceist 3.) de réir mar a théann tú tríothu agus cuir ciorcal timpeall ar na marcanna sin ag barr an leathanaigh ag tús na ceiste.
- Aistrigh marcanna na gceisteanna chuig an scarbhileog.
- Seiceáil an líon marcanna deiridh arís tríd an cur le chéile deiridh (íochtar an leathanaigh) a chur i gcomparáid le hiomlán na marcanna do na ceisteanna éagsúla (barr an leathanaigh).

An scéim mharcála a dhíchódú:

- Léiríonn an comhartha [/] roghanna eile, agus glacfar le haon cheann acu.
- Bíonn eolas bailí sna lúibíní cruinne () ach ní bhíonn an t-eolas sin riachtanach chun marcanna a fháil.

**ROINN (160 marc)**

## A. AISGHABHÁIL EOLAIS (60 marc)

1. Léigh an téacs seo a leanas agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**. (30 marc)

***Tabhair 2 mharc do gach smaoineamh/coincheap ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 marc do smaoineamh/coincheap a mbíonn cuid dó i gceart. Ná bain marcanna más amhlaidh go mbíonn botúin sa Ghaeilge (litriú, comhréir) ach amháin mura dtuigtear cad a bhíonn i gceist.***

i. Tabhair **dhá** shonra faoin áit ina bhfuil an baile saoire Vityazevo suite. 4 marc
10km ón mbaile/in aice leis an mbaile (lár an bhaile) + Anapa + 5km ón stáisiún/in aice leis an stáisiún (stáisiún iarnróid) + 7km ón aerfort/gar don aerfort (idirnáisiúnta)

ii. Tabhair **dhá** shonra faoin mbaile saoire Vityazevo. 4 marc
sráideanna áille + go leor ionad caife + bialanna + páirceanna siamsaíochta/ faiche aonaigh + dioscó (dioscónna) lasmuigh + babhláil + spóirt uisce + ionad saoire Eorpach + oiriúnach do dhaoine óga

iii. Tabhair **dhá** shonra faoi na háiseanna a chuireann an campa saoire "Okhta" ar fáil. 4 marc

seomra bia + scáileán plasma + foirgneamh 1-2 stór + dioscó + áiseanna spóirt + eitpheil + badmantan + beár + oifig turais/radhairc

iv. Tabhair **dhá** shonra faoi na háiseanna atá ar fáil san fhoirgneamh cónaithe. 4 marc
3-5 seomra codlata + leaba adhmaid + cupard + scáthán + bord + cathaoir(cathaoireacha) + stól + aerú + leithreas + cithfholcadán

v. Tabhair **dhá** shonra maidir leis na cineálacha seirbhísí a chuirtear ar fáil sa champa saoire "Okhta". 4 marc
uisce te/fuar + áiseanna iarnála + seirbhís seomraí + éadaí leapa a athrú + altra + 2 phointe leighis/míochana + trá agus ionad saoire

vi. Tabhair sonra **amháin** faoi na béilí. 2 marc

3 uaire sa lá + biachlár éagsúil + cócaireacht bhaile + seomra bia aerchóirithe/aeroiriúnaithe

vii. Tabhair **dhá** shonra faoin trá. 4 marc

500m ó Okhta + mór/1.5 ha + gainmheach + go leor trealaimh + glanta (go laethúil) + post leighis/míochaine + gardaí tarrthála

### Léirthuiscint teanga

Sa téacs Rúisise aimsigh ceann AMHÁIN de gach ceann díobh seo a leanas.
Marc AMHÁIN do gach freagra ceart. Ná gearr pionós ar mhic léinn a thugann focail chuí i nGaeilge.

4 marc

Focal firinscneach

Focal baininscneach

Focal neodrach

Briathar

2. Léigh an fógra seo le haghaidh club i Moscó, agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge.** (30 marc) ***Tabhair 2 mharc do gach smaoineamh/coincheap ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 marc do smaoineamh/coincheap a mbíonn cuid dó i gceart. Ná bain marcanna más amhlaidh go mbíonn botúin sa Ghaeilge (litriú, comhréir) ach amháin mura dtuigtear cad a bhíonn i gceist.***

FREAGAIR I nGAEILGE

i Deirtear gurb é «Б2» an club is mó i Moscó, agus ceann de na cinn is mó san Eoraip

ii.a. Cé mhéad duine is féidir le «Б2» a choinneáil ag an aon uair amháin?
2000 duine

ii.b. Ag an deireadh seachtaine, cé mhéad duine a d'fhéadfadh cuairt a thabhairt air i rith thréimhse 24 uair?
3000 duine

ii.c. Cad é meánlíon na n-aíonna in aghaidh na seachtaine?
10,000 duine

iii. Tabhair sonra **amháin** faoi gach ceann de na hurláir:

An chéad urlár: vearanda samhraidh + póirse iontrála + grianghraif de réalta + dioscó 70idí-80idí
An dara hurlár: bialann beorach + scáileán mór + craoladh spóirt + lón gnó
An tríú hurlár: beár sushi + pictiúrlann + billéardaí + crios chun do scíth a ligean + club jazz
An ceathrú hurlár: spás do cheolchoirmeacha + feistithe go maith + oiriúnach do 1000 duine + ceolchoirmeacha/féilte/seoltaí gach lá + beár mór
An cúigiú hurlár: crios do na daoine is tábhachtaí (VIP) + toilg/cathaoireacha leathair + beár ar leith

iv Cad iad na tosca faoina gcosnaíonn sé 500 rúbal le dul isteach sa chlub? Tabhair **dhá** shonra.
Dé hAoine + Dé Sathairn + tar éis 20:00 + fir

**Léirthuiscint Teanga**
Aimsigh ceithre fhocal sa téacs faoin gClub B2 i Moscó a bhaineann le bia agus/nó le deoch.
Tabhair marc AMHÁIN do gach freagra ceart.
ресторан суши–

бар (кино–)кафе

пивной (ресторан)

бизнес–ланч

бар

Tuborg

**B. Measc agus Meaitseáil (40 marc)**

Meaitseáil na clúdaigh théacsleabhair seo a leanas leis an eolas cuí ón bhfoilsitheoir. Scríobh uimhir an téacsleabhair sa spás atá ar fáil thíos in aice le gach cur síos.

***CEITHRE mharc do gach freagra ceart***

| | |
|---|---|
| 1 | Авторы учебника знакомят учащихся с важнейшими этапами древней истории человечества. Они рассказывают о государствах Древнего Востока и античного мира. |
| 10 | Вы продолжаете изучать одну из самых древних и важных наук. Многими математическими знаниями люди пользовались еще в глубокой древности - тысячи лет назад. Они были необходимы древним купцам и строителям, воинам и путешественникам. |
| 4 | Книга по развитию речи является частью учебного комплекса по русскому языку для 5-9 классов. Задача учебника - помочь ученику в овладении устной и письменной речью. |
| 3 | Новый учебник открывает авторскую линию Г.И. Даниловой по мировой художественной культуре. Он знакомит с произведениями античной и древнеславянской мифологии. |
| 6 | Тетрадь для выполнения проекта входит в учебно-методический комплект по техническому труду. Данное пособие содержит бланки и формы для выполнения творческого проекта. |
| 7 | Учебник адресован учащимся 5 класса общеобразовательных учреждений и входит в учебно-методический комплект по биологии линии В. В. Пасечника. |
| 9 | Учебник знакомит учащихся 5-6 классов с многочисленными явлениями физики и химии. В учебник включено более 30 лабораторных работ. |
| 5 | Учебник является победителем конкурса на лучший учебник по новейшей отечественной истории. В нем освещены все проблемы истории России XX - начала XXI в. |
| 8 | Учебник написан в соответствии с основными требованиями "Комплексной программы физического воспитания учащихся 1-11 классов". В учебнике даются основные сведения о здоровье и здоровом образе жизни. |
| 2 | Учебно-методический комплект по английскому языку для 5 класса; соответствует существующему Стандарту основного общего образования по иностранному языку. |

**C. Struchtúrú Dioscúrsa (20 marc)**

Comhlánaigh an t-agallamh trí na focail a leanas a chur isteach sna spásanna cuí atá curtha ar fáil. Tá na focail go léir curtha ar fáil san fhoirm chuí.

***DHÁ mharc do gach freagra ceart*** ***20 marc***

**Agallamh**

Молодой актер **Евгений Цыганов** уже года два имеет статус начинающего гения. Интервью пришлось брать прямо на Мосфильме, где снимают картину "Дети Арбата".

**1. В** каком **фильме Вы сейчас снимаетесь?**
Я снимаюсь в фильме "Дети Арбата". Это такое произведение Рыбакова.

**2. Расскажите,** чем **Вы заняты сейчас в театре?**
С театром происходит беда, потому что надо быть в театре, а я здесь, на съемочной площадке "Детей Арбата". В декабре я уеду в Германию на гастроли, в январе - во Францию с другим театром со спектаклем "Двенадцатая ночь".

**3.** Какое **у Вас было детство?**
Детство было крайне безоблачным. Рос я в Москве на Таганке, ходил в школу таганскую и в музыкальную школу – играл на фортепьяно. В Театре на Таганке я работал 4 года, лет с 9 до 13 - играл там детские роли.

**4. Вы несколько раз говорили, что не любите Москву.** Почему**?**
Не знаю, наверное, потому что я в ней родился и с тех пор она сильно изменилась. Я не могу сказать, что этот город сделан для человека: здесь очень мало мест, в которых мне было бы комфортно.

**5.** Как **Вы вообще начали заниматься театром ?**
Я был в музыкальной школе, пришел какой-то режиссер откуда-то и сказал: *"О, давай тебя попробуем!"* Там петь надо было, а у меня на тот момент был какой-то голос.

**6.** Как **Вы начали сниматься в кино?** Кто **Вас пригласил?**
Мне позвонили от **Юрия Грымова** - я пришел, он мне дал сценарий.

**7.** Когда **Вы впервые увидели себя на экране?**
Это была премьера "Коллекционера" - у меня был шок. Я подумал, что плохо, что все очень плохо. Когда первый раз что-то делаешь, то к себе критично относишься, ко всем мелочам.

**8. А** как **Вы относитесь к критике?**
Меня вообще не критикуют, меня все очень хвалят. И я это люблю.

**9. Вы много ездите,** где **Вам нравится жить?**
Я люблю портовые города: Амстердам, Сан-Франциско, Гамбург, Питер. Настроение города связано с близостью моря. Люди другие. А в Москве очень редко чувствуешь себя комфортно.

**D. Léirthuiscint (40 marc)**

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina fhachtóir measúnaithe ach amháin mura dtuigtear cad a bhíonn i gceist.***

***Tabhair 2 mharc do gach smaoineamh/coincheap ceart (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 marc do smaoineamh/coincheap a mbíonn cuid dó i gceart [mura luaitear a mhalairt].***

1.i Cad iad na deiseanna a chuireann an eagraíocht seo ar fáil? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 1)

airgead a shaothrú/obair a dhéanamh + an tír a fheiceáil + Stáit Aontaithe Mheiriceá/USA + Béarla a chleachtadh + eolas a chur ar an tír ón taobh istigh

1.ii Tabhair **trí** shonra faoi stair na heagraíochta seo. (Roinn 1)

bunaíodh in 1989 + an chéad bheirt mac léinn + ón USSR + chuaigh siad ag obair sna Stáit Aontaithe/USA + don samhradh (laethanta saoire) + i gcampa samhraidh do leanaí + thuig siad: Má d'oibrigh sé dóibhsean d'oibreodh sé do dhaoine eile + bíonn jabanna samhraidh de dhíth i gcónaí ó mhic léinn + forbraíodh an smaoineamh go dtí ionad malartaithe idirnáisiúnta + le brainsí in 80 cathair + sna déaga tír

2.i. Cén sórt oibre a fhaigheann mic léinn ar na víosaí J-1? Tabhair **cúig** shonra ón téacs. (Roinn 2)

dlíthiúil + jabanna samhraidh + gach áit sna Stáit Aontaithe + san earnáil seirbhíse + obair shéasúrach + in ionaid saoire + bialanna + ionaid caife + beáir + siopaí + ollmhargaí + páirceanna siamsaíochta + óstáin + 35-40-uaire san tseachtain + agus ragobair

3. Tabhair **cúig** shonra faoin samhradh a bhí ag Ivan. (Roinn 3)

páirc náisiúnta Nua Eabhrac + i gceannas ar thurais do thurasóirí /d'oibrigh sé mar threoraí + thug sé turasóirí timpeall ar ricseá + thóg sé rothar ar cíos (ar $200/sa tseachtain) + d'ullmhaigh sé a chlár + fuair sé spéisiúil é + níos mó ná 2,000 scannán déanta ansin + bhí a scéal/stair/cúlra féin ag gach caolsráid + íoctha/shaothraigh sé $67/uair móide síneadh láimhe + d'fhéadfadh sé suas le $1000/sa tseachtain a shaothrú + d'oibrigh sé gach lá 12 uair an chloig/lae (ag an tús) + ansin thosaigh sé ag tógáil laethanta saoire + chónaigh sé in éineacht le mic léinn i dteach ar cíos + ar thaobh na habhann/claífort + 150m ón bhfarraige + d'fhéadfadh sé dul ag snámh agus ag luí faoin ngrian + thaisteal sé chuig an obair ar an metro + thóg an turas leath uair an chloig

4. Tabhair **cúig** shonra faoin samhradh a bhí ag Tatiana. (Roinn 4)

d'oibrigh sí mar choimeádaí tí + i Virginia + d'fhág sí tréimhse ama chun dul ag taisteal + le cairde + thaisteal sí timpeall an chósta + thug sí cuairt ar 15 stát + bhí sí i California/Los Angeles/ Hollywood + an rud ab fhearr léi ná an saol sóisialta san oíche i Nua Eabhrac + thaitin na foirgnimh ilstórach go mór léi + rinne sí go leor cairde + bíonn sí i dteagmháil leo i gcónaí + d'fhoghlaim sí gur tír iontach iad Stáit Aontaithe Mheiriceá + gur tír lán le deiseanna iad Stáit Aontaithe Mheiriceá + go bhfuil daoine an-fháiltiúil, ag gáire agus réidh le cúnamh a thabhairt duit

**ROINN II (60 MARC)**

**A. Freagraí gearra: léirthuiscint cultúir**

**(30 marc)**

Scríobh 3-5 abairt ar DHÁ cheann de na topaicí seo a leanas i Rúisis **nó** i nGaeilge. Ba chóir go mbeadh **trí** shonra FHÍORASACHA i ngach freagra. Bronntar marcanna d'ábharthacht na bhfreagraí agus do leanúnachas sa téacs.

1. Как россияне проводят свободное время
2. Где и как россияне любят проводить отпуск
3. Москва вчера и сегодня
4. Система школьного образования в РФ
5. Российское кино
6. Российский театр
7. Российская музыка

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge/Rúisise ina fhachtóir measúnaithe ach amháin mura dtuigtear cad a bhíonn i gceist.***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ábhar gach freagra*** | ***12*** | ***Tabhair 4 mharc do gach smaoineamh/coincheap ceart suas go dtí uasmhéid de 12 marc;*** <br> ***Tabhair 2 mharc do smaoineamh/coincheap a mbíonn cuid dó i gceart suas go dtí uasmhéid de 6 mharc.*** |
| ***Leanúnachas sa téacs*** | ***3*** | ***Tabhair 3 mharc do leanúnachas sa téacs (nuair is infheidhme).*** |
| | ***3*** | ***Eagraíocht den scoth. Leibhéal ard leanúnachais síos tríd.*** |
| | ***2*** | ***Forbairt déanta ar an ábhar go ginearálta laistigh d'fhráma ama a bhíonn pleanáilte go maith. Curtha le chéile go maith tríd agus tríd ach easpa leanúnachais in áiteanna.*** |
| | ***1*** | ***Eagraíocht shásúil ar ábhar. Gan mórán forbartha déanta ar smaointe agus/nó gan mórán oibre léirithe. Rámhaille agus/nó athrá in áiteanna.*** |
| | ***0*** | ***Cumas teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Leanúnachas in easnamh sa struchtúr.*** |

**B. Scríbhneoireacht Leanúnach**

**(30 marc)**

Scríobh 6-10 abairt ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas I RÚISIS.

1. Scríobh agallamh (4-5 ceist agus freagra) le duine a bhfuil meas agat air/uirthi. (4 x 6 marc):

   Bíodh na nithe a leanas san áireamh ann:

   - cad as dó/di
   - cathain agus cén áit ar bhuail tú leis/léi
   - cad a dhéanann sé/sí
   - cén fáth a bhfuil meas agat air/uirthi

**NÓ**

2. Scríobh cárta, litir nó ríomhphost chuig cara ag insint dó/di faoi thráthnóna a chaith tú amuigh le grúpa cairde. (4 x 6 marc). Bíodh na nithe a leanas san áireamh ann:

   - cá ndeachaigh tú
   - cé leis ar chaith tú an tráthnóna
   - cad a rinne sibh go léir
   - cé acu ar bhain tú taitneamh as an tráthnóna nó nár bhain

**NÓ**

3. Scríobh léirmheas ar leabhar atá léite agat. (4 x 6 marc).

   Cuir na nithe a leanas san áireamh ann:

   - cén rud a bhí i gceist ann (luaigh trí shonra)
   - cé acu ar bhain tú taitneamh as
   - an molfá do dhaoine eile é (agus cén fáth)

***CÁCH: Tabhair marc d'ábhar + do leaganacha cainte (ex 24) mar a léirítear thuas. Tabhair leath na marcanna atá ar fáil má chomhlíontar an fheidhm a iarrtar /má thugtar an t-eolas a iarrtar (lexis) agus tabhair leath de na marcanna atá ar fáil do láimhsiú na teanga (cruinneas/oiriúnacht). Ná tabhair aon mharc má bhíonn tuilleadh eolais/ábhair curtha ar fáil.***

***Tabhair 6 marc do leanúnachas sa téacs:***

| | |
|---|---|
| ***6*** | ***Eagraíocht den scoth. Leibhéal ard leanúnachais síos tríd.*** |
| ***4-5*** | ***Forbairt déanta ar an ábhar go ginearálta laistigh d'fhráma ama a bhíonn pleanáilte go maith. Curtha le chéile go maith tríd agus tríd ach easpa leanúnachais in áiteanna.*** |
| ***2-3*** | ***Eagraíocht shásúil ar ábhar. Gan mórán forbartha déanta ar smaointe agus/nó gan mórán oibre léirithe. Rámhaille agus/nó athrá in áiteanna.*** |
| ***1*** | ***Cumas teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Leanúnachas in easnamh sa struchtúr.*** |
| ***0*** | ***A laghad eagrúcháin déanta agus easpa leanúnachas nach féidir aon chreidiúint a thabhairt in aon chor.*** |

# Cluastuiscint

Ginearálta:

- Ní ghearrfar aon phionós má thugtar ábhar breise nach mbréagnaíonn an freagra.
- Glac le haon fhoirmliú a chuireann an t-eolas a iarrtar in iúl.
- Glac le freagraí ar cheisteanna a scríobhtar san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina fhachtóir measúnaithe ach amháin mura dtuigtear cad a bhíonn i gceist.
- Má bhíonn an freagra tugtha i Rúisis in iomlán – tabhair leath na marcanna. Má bhíonn roinnt mionghnéithe (focail/leaganacha cainte) Rúisise san áireamh san fhreagra – ná gearr pionós

***Tabhair cúig mharc do gach pointe ceart/iomchuí.***

**ROINN I**

**Achoimre na Nuachta** **25 marc**

1.i. Cén comóradh bliana atá á cheiliúradh ag cathair Yaroslavl?

c) $1000^{\text{ú}}$

1.ii. Cé a thabharfaidh cuairt ar Yaroslavl le linn bhliain na hiubhaile? Tabhair sonra **amháin**.

Uachtarán Chónaidhm na Rúise /na Rúise + baill de rialtais (Chónaidhm na Rúise/na Rúise) + ceannairí na stáit iasachta + ceannairí réigiúin na Rúise + comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá chun cinn + 1,5 milliún turasóir

**Tabhair 2 mharc do**: Uachtarán

2. Cad atá ag tarlú i Moscó?

c) féile idirnáisiúnta gníomhaíochtaí sorcais

3. Cad atá tógtha san Iorua?

a) an tolg is faide

4. Cad a dhéanfaidh buaiteoir an chrannchuir leis an méid a bhuaigh sé? Tabhair sonra **amháin**.

Árasán a cheannach (dá theaghlach i St Petersburg) + áit éigin le cónaí ann dá dheirfiúr (san Airméin) + carr a cheannach dá thuismitheoirí + sraith siopaí a oscailt (i St Petersburg)

**ROINN II**

**Beathaisnéis** **25 marc**

1. 1. Cé hé Maruf?

b) aisteoir agus ceoltóir

2. Cad a thaifead Maruf agus a chompánaigh ar fhíseán?
d) damhsaí tíre anaithnide na Táidsíceastáine

3.i. Cén fáth ar bheartaigh sé dul go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí na Nollag 2007?

a) chas sé ar bhean óg a thaitin leis

3.ii. Cad atá á dhéanamh ag Maruf faoi láthair sna Stáit?

b) ag staidéar ar Coláiste

4. Cad atá beartaithe ag Maruf a dhéanamh sa todhchaí? Tá beartaithe aige

a) leanúint ag cur feabhais ar a chuid scileanna mar cheoltóir

## ROINN III

**Agallamh** **25 marc**

1. Tá Staidiam Spartak á bhrandáil mar an ceann is fearr i Moscó. Cé na gnéithe a leanas de Staidiam Spartak nua a úsáideann an dearthóir chun é sin a léiriú?

c) na háiseanna páirceála

2. Cad iad na háiseanna a chuirfidh an staidiam nua ar fáil? Tabhair **dhá** shonra.

Seomraí gnó /lóistí/siamsaíocht chorparáideach + bialanna + le radharc ar a bpáirc peile + suíocháin speisialta /áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas

3.i. Cad iad na comórtais a bheidh ar siúl sa staidiam? Tabhair sonra **amháin**.

peil + Cluichí de chuid Chomórtas craoibhe na Rúise agus Coirn + Sraith Seaimpíní + Corn UEFA

3.ii. Cé mhéad a chosnóidh an staidiam ?

c) 150 milliún euro

**ROINN IV**

**Fógra** **25 marc**

1.i. Tabhair **dhá** shonra faoin tairiscint san fhógra seo.

Bailiúchán de/47 scannán + le (Jean Paul) Belmondo + aisteoir mór le rá + formáid DVD + 18 diosca + scannáin Franncach a bhfuil an-tóir orthu

2.i. Cé mhéad a chosnaíonn an tairiscint?

c) 3600 rúbal

2.ii. Cén fhaisnéis nach mór duit a thabhairt le d'íocaíocht? Tabhair sonra **amháin**.

Ainm + sloinne + seoladh + postchód + uimhir theileafóin

3. Tabhair sonra **amháin** faoi na dearbhuithe rialaithe cáilíochta.

2 oibritheoir + seiceáil + gach diosca + maidir le hinléiteacht + sula seolfar iad